



Uimhir Chiorcláin: 0082/2020

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais

Athbhreithniú ar Rátaí Deontais Chistiúcháin do Bhaill Foirne Tacaíochta Scoile le haghaidh Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais

1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo fógra a thabhairt d'údaráis bhainistíochta faoin ráta athbhreithnithe per capita is infheidhme maidir le Cistiú do Bhaill Foirne Tacaíochta Scoile a leithdháiltear ar Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais don bhliain 2021.

2. An ráta is infheidhme sa bhliain 2021

De réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Foirceannadh na mBearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail – Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020), méadaíodh tuarastail bhliantúlaithe faoi 2% le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020, mar atá leagtha amach i gCuid A de Chiorclán 0075/2019.

Méadaíodh an ráta deontais chistiúcháin per capita do Bhaill Foirne Tacaíochta Scoile sa bhliain 2020 chun freastal ar an gcostas breise trí mhí sin agus tá sé á mhéadú arís eile chun freastal ar thréimhse dhá mhí dhéag an mhéadaithe pá sin sa bhliain 2021. Dá bhrí sin, is é €224.50 an ráta per capita is iníoctha sa bhliain 2021, rud atá cothrom le méadú €1.00 in aghaidh an dalta.

Leagtar amach in **Aguisín A** a ghabhann leis an gCiorclán seo na rátaí athbhreithnithe do Dheontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile. Leagtar amach inti freisin rátaí na nDeontas Rúnaithe agus Airíoch.

3. Scaipeadh agus Ceisteanna

Cinntigh go dtarraingeofar aird na mball uile den Bhord Bainistíochta agus na mball foirne iomchuí uile sa scoil ar a bhfuil sa Chiorclán seo.

Tabhair faoi deara gur le Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais, agus leo sin amháin, a bhaineann aon tagairtí do scoileanna sa Chiorclán seo.

Ba cheart aon cheisteanna faoi chur chun feidhme an Chiorcláin seo a chur ar an gcomhlacht bainistíochta scoile lena mbaineann ar an gcéad dul síos.

Tom Deegan
Rannóg na Scoileanna - Airgeadas
22 Nollaig 2020

Aguisín A

Rátaí do Dheontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, don Deontas Rúnaithe, don Deontas Rúnaithe ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, don Deontas Airíoch agus don Deontas Airíoch ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile le haghaidh Meánscoileanna Deonacha sa Scéim

Saoroideachais

(Le híoc i mí Eanáir 2021)

	Cineál Deontais	Ráta	Mionsonraí
a)	Deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	€224.50	<p>Méadaíodh an deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile ó €223.50 go €224.50 in aghaidh an dalta.</p> <p>Íoctar an deontas ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile ina thrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.</p> <p>Ríomhtar an deontas de réir líon rollaithe íosta 200 dalta ar dtús agus ansin de réir rollú na scoile.</p>
b)	Bundeontas Rúnaithe	€40.00	<p>Chun cáiliú don deontas seo, ní mór do scoil 200 dalta ar a laghad a bheith rollaithe aici. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta atá i bhfeidhm, suas le líon uasta 350 dalta.</p> <p>Ní fhaigheann scoileanna a bhfuil rúnaithe fostaithe acu faoi 'scéim 1978' aon deontais rúnaithe</p>
c)	Deontas Rúnaithe ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	€26.50	<p>Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta atá i bhfeidhm, suas le líon uasta 350 dalta.</p> <p>Ní fhaigheann scoileanna a bhfuil rúnaithe fostaithe acu faoi 'scéim 1978' aon deontais rúnaithe.</p>
d)	Bundeontas Airíoch	€34.00	<p>Chun cáiliú don bhundeontas airíoch, ní mór do scoil 200 dalta ar a laghad a bheith rollaithe aici. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta atá i bhfeidhm, suas le líon uasta 350 dalta.</p>
e)	Deontas Airíoch ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	€20.50	<p>Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta atá i bhfeidhm, suas le líon uasta 350 dalta.</p>